AN FIADHÚLRA
eolas ar an gcomhshaol

www.enfo.ie

Giorriacha agus Coiníní

Mamaigh is ea giorriacha agus coiníní agus baineann siad beirt leis an gcine a dtugtar leapairidí air. Cé go bhfuil fiacla fada tosaigh acu (clárfhiacla), cosúil le francaigh agus lucha, ní creimirí iad. Déanann siad ord na Lagamorf, in éineacht le píocaí, ainmhí beag a bhíonn le fáil san Áis. Baineann daoine úsáid as an téarma Lagamorf go minic agus iad ag caint faoi ghiorriacha nó choiníní. Tá lagamoirf suaithinseach sa mhéid is go bhfuil an dara sraith de chlárfhiacla acu. Tá coiníní agus giorriacha cosúil lena chéile ar bhealaí áirithe ach difriúil lena chéile ar bhealaí eile. Tá siad cosúil lena chéile sa mhéid gur ainmhithe creiche iad a bhíonn ag brath ar a bheith ag dul i bhfolach nó ag rith le héalú ó chreachóirí. Agus iad ina gcolgsheasamh ar a chosa láidre deiridh, cuireann a gcluasa fada agus a súile lánradhairc ar an eolas iad faoi aon chontúirt. Bíonn giorriacha fásta thart faoi dhá uair chomh mór le coiníní ach is éasca giorriacha óga a thógáil in ainriocht coiníní.

Itheann na leapairidí uile fásra, amhail féar agus plandaí eile, lena mbaineann luach sách íseal mar bhia. Caithfidh siad dóthain fuinnimh a bhaint as na hábhair seo chun iad féin a théamh, chun gluaiseacht go tapa agus chun a n-ál a thógáil, rud a bhaineann siad amach trína a bheith ag ithe duilliúir agus mar sin de go minic. Fásann a gcuid fiacla go leanúnach



Giorria na hÉireann



Coinín

chun an caitheamh agus chuimilt leanúnach de bharr a bheith ag piocaireacht ar phlandaí go mbíonn siad ina bpíosaí an-bheag, a chúiteamh. Chun cabhrú leo an oiread cothaitheach *(nutrients)* agus is féidir a fháil, bíonn dhá chineál bualtrach ag leapairidí. Cnapáin chruinne shnáithíneacha atá i gcineál amháin, cosúil leis an mbualtrach a fheicimidne i bpáirc. Tá cuma thriopall beag fíonchaoire duibhe snasta ar an gcineál eile, a dtugtar caochthrofaigh orthu agus bíonn cothaithigh thábhachtacha iontu. Tagann siad seo tar éis don bhia a bheith díleáite ar dtús agus is rí-annamh go bhfeicimidne riamh iad seo toisc go n-itheann an coinín nó an giorria iad de réir mar a tháirgtear iad. Bheadh a leithéid sách déistineach dar le roinnt againn, ach ní mór do leapairidí é seo a dhéanamh chun fanacht cothaithe sláintiúil. Crosann roinnt reiligiún ar dhaoine giorriacha a ithe ar an gcúis seo.

Tá giorriacha agus coiníní i mbéaloideachas agus miotaiseolaíocht chultúr ar fud an domhain agus ní taise d'Éirinn é. Nuair a rinne daoine cónaí in Éirinn ar dtús tar éis na hoighearaoise, thugadar déithe págánacha leo. Bhí bandia na gealaí, Éastra, ar cheann díobh, a ndearnadh a adhradh san earrach. Bhí roinnt cultúr in ann íomhá giorria (nó coinín) agus ubh á hiompar aige a fheiceáil ar

dhromchla na gealaí. Creideadh go raibh an giorria ina Éastra ar an domhan seo linne, a bhíodh ag stánadh roimpi suas chun na gealaí, a baile. Ní amháin go bhfaighimid ainm reatha Béarla shaoire na Cásca (*Easter)* de bharr an tseanchais seo, ach uibheacha na Cásca agus coinín beag na Cásca freisin (ar tugadh giorria na Cásca air ar tús!).

Tá trí speiceas Leapairid ann in Éirinn; giorria na hÉireann (Lepus timidus hibernicus), an giorria gallda (Lepus europeaeus, a dtagraítear dó mar Lepus capensis uaireanta) agus an coinín (Oryctolagus cuniculus). Tá áit thábhachtach ag giorriacha agus ag coiníní i mbithéagsúlacht an oileáin.

Giorriacha

Thug úinéirí talún giorriacha gallda isteach go hÉireann sa 19ú céad chun cur leis na speicis ghéime a bhí acu do bhuíonta seilge. Níor éirigh ró-iontach leis na hiarrachtaí seo toisc go bhfuair go leor giorriacha bás tar éis a dturais anoir ón mBreatain. Tugtar giorria 'thrush' air i mBéarla freisin agus mhair an speiceas seo beo i réimsí beaga agus cé nach eol a stádas faoi láthair, meastar iad a bheith gann. Níl aon fhianaise ann go gcros-síolraíonn giorriacha gallda lenár ngiorriacha dúchasacha Éireannacha nó go bhfuil siad ina mbagairt dóibh. Is deacair an dá speiceas a idirdhealú ar a chéile sa pháirc agus is beag tuairisc dhearbhaithe atá ann faoi ghiorriacha gallda a chonacthas le déanaí.

Tá giorria na hÉireann ar cheann dár gcuid mamach fíordhúchasach agus ní bhíonn sé le fáil ach in Éirinn amháin. Meastar gur fospeiceas suaithinseach den Ghiorria Sléibhe nó Giorria Gorm (Lepus timidus) é, a bhíonn le fáil sa Bhreatain Mhór agus san Eoraip. Neamhchosúil leis an ngaol gairid leis áfach, bíonn giorria na hÉireann le fáil i mbeagnach gach áit agus ní chloíonn sé le réigiúin na sléibhte amháin. Cuireann fionnadh an ghiorria sléibhe dath bán de sa gheimhreadh ach is annamh a thugtar sin faoi deara ar a chol ceathair Éireannach. D'fhéadfadh fionnadh ghiorria na hÉireann dathanna éagsúla a chur de i gcaitheamh na bliana áfach, ag déanamh scead bán uaireanta. Is annamh a tharla sé ach tá giorriacha a bhí bán ar fad curtha ar taifead. Tá giorriacha na hÉireann níos mó ná coiníní agus bíonn dath dubh ar bhior a gcluas, dath bán ar bharr agus faoi bhun a n-eireaball agus cosa fada deiridh lena dtugtar 'siúl' suaithinseach dóibh.

Cé go bhféadfaí teacht ar ghiorriacha ar fud na hÉireann idir thaobh sléibhe agus thalamh féaraigh cois cósta, na háiteanna is dóichí go dtiocfaí orthu ná i limistéir 'neamhfhorbartha' atá lán speiceas éagsúil fásra. Ní bia amháin a sholáthraíonn sé seo ach foscadh agus dídean mar ar féidir leo bheith ina luí go socair i gcaitheamh an lae as amharc creachóirí.

Samhlaítear mí an Mhárta le giorriacha, nuair is féidir giorriacha baineanna a fheiceáil ag cur giorriacha fireanna díograiseacha uathu nó á 'ndornáil'. Is féidir le giorriacha na hÉireann síolrú i gcaitheamh fhormhór na bliana, agus bíonn dhá nó trí hál acu agus beirt san ál ar an meán. Saolaítear patacháin agus a gcraiceann lán fionnaidh agus a súile oscailte. Déanann giorria máthair iad a 'chur i bhfolach' faoi chlúdach fásra agus ní fhilleann sí orthu ach uair amháin in aghaidh na hoíche chun iad a bheathú. Is gnách patachán a fheiceáil as féin agus níor chóir é a thabhairt ar shiúl as dúichí fiáine riamh ach amháin sa chás go bhfuil contúirt chuige. Déantar iad a bhaint de shiní na máthar tar éis sé seachtaine agus beidh an t-ógánach sách sean le síolrú an bhliain dár gcionn.

Tá líon ghiorriacha na hÉireann tar éis dul i léig go rí-mhór le tríocha bliain anuas agus tá líon na ngiorriacha íseal. Creidtear go forleathan go bhfuil athruithe sa talmhaíocht agus san úsáid a bhaintear as an talamh tar éis cur leis an meath atá tagtha orthu. Is fearr le giorriacha talamh nach bhfuil forbartha, rud nach chomh fairsing is a bhí de bharr cleachtas nua-aimseartha feirmeoireachta. Déanann an ró-innilt, an iomarca eallaigh a bheith ar thailte agus méadú ar an líon sadhlais a tháirgtear aimhleas giorriacha agus a ngnáthóige. Cuireann aon suaitheadh isteach ar ghiorriacha fásta agus is féidir a n-ál a bheith maraithe de thoradh féar a bheith á ghearradh. Is mó mar a bhíonn

Rianta Giorriacha

Is féidir rianta giorriacha a idirdhealú ar rianta coiníní de thairbhe gur mó a méid (11-12cm ar a fhad). Is é is lonnachán ann ná paiste 'ar mhéid ghiorria' d'fhéar leacaithe a mbíonn píosaí de bhualtrach shnáithíneach (ar mhéid 10-15 mm) go minic ann.

siad i mbaol creachóirí má bhíonn an fásra gearr agus má bhaintear luachra, fálta sceach agus duilleoga eile a chlúdaíonn iad. Is eol roinnt lotnaidicídí a bheith marfach do ghiorriacha agus d'ainmhithe eile san fhiadhúlra. Cé go bhfuiltear ag seilg giorriacha agus á bhfiach le cúnna leis na céadta bliain, creideann tromlach na ndaoine sa lá atá inniu ann go bhfuil na gníomhaíochtaí seo cruálach. Tá fianaise ann go mbíonn giorriacha thíos le hardleibhéil struis de bharr daoine a bheith á bhfiach le cúnna, strus a bhíonn ina shiocair thinnis agus bháis dóibh. Tá gach giorria luachmhar tábhachtach agus chomh mór i mbaol is atá siad agus a líon ar leibhéil chomh íseal, agus tá soláthar cosanta éifeachtaí dlí mar bhonn is mar thaca ag bearta eile caomhnúcháin.

Coiníní

Thug na Normanaigh coiníní isteach go hÉireann sa 12ú haois agus tá siad coitianta ar fud an oileáin anois. Coinníodh iad i gcoinicéir *(warrens)* thimpeallaithe agus baineadh leas astu mar sholáthar bia. Is é an chiall atá lena ainm Laidine, cuniculus, ná pasáiste faoi thalamh agus is féidir na hainmhithe inoiriúnacha seo a aimsiú áit ar bith ar féidir leo poill a dhéanamh sa talamh, cé go seachnaíonn siad limistéir fhliucha. Tá daonra ginearálta na gcoiníní réasúnta seasmhach go fóill cé go mbíonn líon na gcoiníní ag athrú go háitiúil de thoradh dhá ghalar nimhneacha, an mhiocsómatóis agus an galar fuilreatha víreasach. Tugadh iad seo isteach i ndaonraí coiníní fiáine chun líon na gcoiníní a rialú. Is féidir le coiníní tí an dá ghalar an-tógálach seo a tholgadh freisin agus is féidir le húinéirí vacsaíniú éifeachtach a shocrú dá gcuid peataí ag a n-ionad áitiúil tréadliachta. Nuair a bhíonn líon na gcoiníní ard, is minic a dtugtar meas lotnaidí orthu ach tá áit an-tábhachtach acu sa slabhra bia agus bíonn siad go mór i gceist in aiste bia speiceas eile amhail Clamháin *(Buzzards)* agus Easóga *(Stoats)*.

Rianta Coiníní

Bíonn rianta coiníní níos lú ná rianta giorriacha, mar atá, 6-9 cm ar a fhad, agus is féidir le rianta sionnaigh a bheith 'anuas' orthu agus é sa tóir ar a gcreach. Bíonn poill choiníní 10-20 cm ar a fhad trasna agus is féidir le cairn bhualtraí (piollairí ar mhéid 7-11 mm) a aimsiú i leithreasa in aice leo.

Is maith is eol an cumas síolraithe atá acu, agus is féidir leo roinnt ál a bheith acu gach bliain ón am a bhíonn siad thart faoi trí mhí d'aois. Bíonn seisear san ál ar an meán, agus mar chothromú ar an líon ard seo, baineann ráta báis 95% leo le linn a gcéad bhliain ar an saol agus ní bhíonn ach saolré 1.5 bliana acu (is féidir le coiníní tí maireachtáil ar feadh 10 mbliana nó níos mó). Saolaítear naíonáin agus iad nocht agus dall i bpoll ar leith, nó stad, arna dhéanamh ag an gcoinín baineann. Baintear de shiní na máthar iad tráth an cheathrú seachtaine agus fágann siad an poll seo chun a n-áit a thógáil i gcomhphobal na gcoiníní. Tá an cumas le síolrú atá acu tar éis daoine a spreagadh le húsáid a bhaint astu mar ainmhí saotharlainne le táirgí a thástáil amhail cosmaidí, cé go bhfuil tástálacha ar ainmhithe ag éirí níos dochosanta anois agus gur mó mar atáthar i bhfabhar modhanna níos daonna. Cé go bhfuiltear á gceansú agus á gcoinneáil i dtithe leis na céadta bliain, tá go leor tréithe dá sinsear fiáin acu go fóill agus is féidir le coinín baineann de phór ar bith naíonán a shaolú agus an dáth nádúrtha agútaí ar a fhionnadh.

In ainneoin a gcreideann daoine de ghnáth, ní bhíonn coiníní ina bpeataí maithe do pháistí. Mar ainmhithe creiche, ní maith lena bhformhór daoine a bheith á dtógáil suas agus á gcuachadh lena n-ucht. Bíonn go leor spáis agus timpeallacht oiriúnach ag teastáil uathu. Tá an púirín traidisiúnta coiníní *(rabbit hutch)* as dáta agus ní ligeann siad do choinín iompar atá nádúrtha a léiriú.

Is minic a choinnítear coiníní in uaigneas agus is fearr leis na hainmhithe sóisialta seo cuideachta a gcinéail féin. Bíonn sé an-deacair inscne coiníní óga a dhéanamh amach go cruinn, rud a fhágann go bhféadfadh borradh mór millteach teacht faoi líon do chuid coiníní gan choinne (agus gan iarraidh) nuair a cheannaítear péire coiníní 'baineanna'. Bíonn coiníní ógá ceansa géilliúil, ach éiríonn go leor acu ionsaitheach thart faoi 3-6 mhí d'aois. Éiríonn coiníní iomaíoch ionsaitheach go nádúrtha amuigh i ndúichí fiáine de réir mar a thagann siad in inmhe – ní taise do choiníní tí é. Réiteofar go leor saincheisteanna faoi chúrsaí iompair agus síolraithe ach iad a choilleadh.

Bíonn aiste bia na gcoiníní tábhachtach chun fadhbanna coitianta sláinte a sheachaint. Fágann sé sin gur cheart ábhar le neart snáithín amhail féar tirim nó féar (ní féar atá tú tar éis a lomadh den fhaiche) a sholáthar go seasta.

Is furasta | difríocht a dhéanamh

Is ainmhithe leochaileacha iad coiníní agus bíonn cuid mhór cúraim agus aire ag teastáil uathu. Beidh an oiread céanna díograise agus oibre riachtanach do choiníní agus a bheadh i gcás peata ar bith eile sa teaghlach, nó níos mó fiú.

Má chuimhníonn tú go maireann coiníní ar feadh breis is deich mbliana agus iad i mbraighdeanas, ní chóir iad a cheannach as cosa i dtaca riamh – tá go leor coiníní i dtearmainn ainmhithe a bhfuil baile maith de dhíth orthu.

Tuilleadh Léitheoireachta

An Irish Beast Book
le James Fairley ISBN 0856403148

A Basket of Weasels
le James Fairley ISBN 0950262625

Animals of Ireland
le G D'Arcy ISBN 0862811996

The Wild Rabbit
le David Cowan ISBN 0713708999

Mammals of Britain and Europe
le Corbet & Ovenden
ISBN 000219774X

Naisc

Láithreán gréasáin ghiorria na hÉireann
www.irishhare.org

Láithreán greásán um choiníní
www.white-rabbit.info

Líne Chabhrach um Ghiorriacha agus Choiníní
08707 442285

Mike Rendle 2004

Coiníní agus Giorriacha – Sracléargas

Giorriacha	Coiníní
Go forleathan ach a líon ag dul i léig go mór.	Go forleathan agus coitianta fós ach bíonn líon na gcoiníní ag athrú.
Bíonn meáchan 2.5 – 3.5 Cg i ngiorriacha fásta.	Bíonn meáchan 1.5 – 2 Cg i gcoiníní fásta.
Maireann giorriacha os cionn talún i bpaiste d'fhásra leacaithe ar a dtugtar lonnachán.	Maireann coiníní faoin talamh i sraith pholl a dtugtar coinicéar uirthi.
Is fearr le giorriacha cineálacha áirithe féir agus fásra a ithe.	Is féidir le coiníní dul in oiriúint do chineálacha difriúla fásra.
Ní shíolraíonn giorriacha le linn a gcéad bhliain ar an saol.	Is féidir le coiníní síolrú ón am a bhíonn siad trí mhí d'aois.
Is féidir le giorriacha síolrú i gcaitheamh fhormhór na bliana.	Síolraíonn coiníní idir mí Eanáir agus Lúnasa.
Ní bheidh ach thart faoi 8 bpatachán in imeacht bliana ag giorria baineann.	Is féidir le coinín baineann thart faoi 45 coinín óg a shaolú in imeacht bliana.
Saolaítear iad agus a gcraiceann lán fionnaidh agus a súile oscailte. Téann siad i bhfolach i bhféar agus i bhfásra fada. Ní bheathaíonn an mháthair ach uair amháin san oíche iad le bainne ar feadh thart faoi 6 seachtaine.	Saolaítear iad nocht lena súile dúnta. Déanann an mháthair poll ar leith nó 'stad' a thochailt agus filleann sí uair amháin in aghaidh na hoíche le hiad a bheathú le bainne ar feadh thart faoi 4 seachtaine.
Tugtar patacháin ar ghiorriacha óga agus bíonn meáchan thart faoi 120 gram iontu ar bhreith dóibh.	Níl aon ainm ar leith ar choiníní óga sa Ghaeilge agus bíonn meáchán thart faoi 50 gram iontu ar bhreith dóibh.
Ní mhaireann giorriacha ach ar feadh thart faoi 3 bliana i ndúichí fiáine. Ní shlánaíonn ach 25% de phatacháin an chéad bhliain.	Maireann coiníní ar feadh thart faoi 1.5 bliain i ndúichí fiáine. Ní shlánaíonn ach 5% an chéad bhliain.
Níl ach fíorbheagán ar eolas faoi thionchar galar ar ghiorriacha na hÉireann.	Is féidir le coiníní Miocsómatóis agus an Galar Fuilreatha Víreasach a tholgadh agus bíonn an dá cheann ina ngalair bháis de ghnáth.

Arna eisiúint ag:
ENFO - Seirbhís Eolais an Chomhshaoil
17 Sráid Naomh Aindrias,
Baile Átha Cliath 2, Éire

Teil: ***(01) 8883910***
Lóghlaoch: **1890 200191**
Faics: **(01) 888 3946**
r-phost: ***info@enfo.ie***
www.enfo.ie

Scríobh chuig nó tabhair cuairt ar ár nIonad ag an seoladh thuas nó féadfaidh tú na seastáin eolais ENFO ag Oifig d'Údaráis Áitiúil/Leabharlainne Contae a sheiceáil amach.

Seirbhís leis an Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil is ea ENFO

Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte 2005